



C/2025/6052

7.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.11974 — Vandemoortele / DELIFRANCE)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6052)

1. An 30 Deireadh Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

- Vandemoortele Group ('Vandemoortele') (an Bheilg),
- Délifrance S.A. ('Délifrance') (an Fhrainc).

Gheobhaidh Vandemoortele rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Délifrance.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is monaróir agus soláthróir domhanda réiteach bia plandabhunaithe é Vandemoortele, lena n-áirítear sailte, anlainn, margairíní agus olaí, chomh maith le táirgí bÁCála reoite,
- Is monaróir agus soláthróir domhanda táirgí bÁCúis reoite é Délifrance, chomh maith le táirgí pacáistithe áirithe do thomhaltóirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11974 — VANDEMOORTELE / DELIFRANCE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').